An Fál Carrach
Co. Dhún na nGall
F92 WF60

Uimhir Chláraithe 384055

# Cill Ulta

Áitiúil • Blasta • Úr

Cloíonn muid leis an Chód Rialaithe

(074) 918 0994
(086) 822 0404
LAN CTR

Uimhir CBL/VAT IE6404055F
Uimhir Charthanais 16554

## Táimid ag earcú:

Deis ar leith é seo le difir a dhéanamh ag leibhéal áitiúil – ag cothú teacht aniar agus maoirseacht timpeallachta, chomh maith le ceangal níos láidre a chothú idir dhaoine agus an nádúr trí oideachas, comhoibriú agus gníomhaíocht.

**Teideal Poist: -** **Oifigeach Teagmhála agus Tacaíochta Pobail um Timpeallacht agus Fuinneamh**

**Cúlra: -** Tá sé i gceist ag Lárionad Acmhainní Nádúrtha CTR Oifigeach teagmhála agus tacaíochta um timpeallacht agus fuinneamh a fhostú le cumhacht agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí deonacha agus pobail fríd an chontae. Gné lárnach den phost seo ná cuidiú a thabhairt i dtionscnaimh áitiúla dhul i dtaithí ar a bhfuil i gceist leis an Athrú Aeráide agus an tionchar a bheas aige - taobh istigh de scóip a dtionscnaimh féin agus don phobal i gcoitinne maidir le h-inbhuanaitheacht de.

**Suíomh:** Cill Ulta, An Fál Carrach, Co Dún na nGall, F92 WF60

**Fad: -** 18 mí (Deireadh Fómhair 2025 go Márta 2027) lánaimseartha

**Ceanneagraíocht: -** Cill Ulta

**Tacaíocht ó: -** Ciste Pobail Ghlúin Ghlas de chuid SSE Airtricity

### Ról: -

- Dul i dteagmháil le roinnt grúpaí deonacha agus pobail i gContae Dhún na nGall
- Traenáil agus áiseanna saincheaptha a sholáthar
- Coincheapanna timpeallachta agus aeráide a mhíniú ar dhóigh shimplí sothuigthe
- Tacaíocht a thabhairt do fhiontair áitiúil agus do thionscadail pobail
- An tionchar a mheas trí mhéadrach rannpháirteachais agus aiseolas pobail

**Tá follúntas ann anois don phost seo agus má shíleann tú gur tusa an duine atá de dhíth orainn: -**

### Critéir riachtanacha:-

- Leibhéal 8 in ábhar cuí ar an Chreat Náisiúnta Cailíochtaí ná, a mhacasamhail de thaithí ábharacha
- Ceadúnas glan tiomána
- Ábalta scileanna láidre taighde, cur i láthair agus cumarsáide a léiriú

### Critéir inmhianaithe: -

- Tuiscint mhaith ar na réigiúin Gaeltachta, Gaeilge réasúnta agus dearcadh báúil maidir le teagmháil cuimsithe agus inrochtana cuí cultúir
- Taithí i gcuidiú a thabhairt do ghrúpaí, agus iad a éascú, leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an aeráid a aithint

An Fál Carrach
Co. Dhún na nGall
F92 WF60

Uimhir Chláraithe 384055

Cill Ulta

Áitiúil • Blasta • Úr

Cloíonn muid leis an Chód Rialaithe

(074) 918 0994
(086) 822 0404
LAN CTR

Uimhir CBL/VAT IE6404055F
Uimhir Charthanais 16554

**Príomhdhualgaisí: -**

- Tacaíocht a thabhairt trí thraenáil saincheaptha agus uirlisí praiticiúla a sholáthar a chuideoidh le pobail gníomhú go fiúntach ar son na haeráide
- Feasacht agus tuiscint ar shaincheisteanna timpeallachta agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn
- Tacú le cosaint bithéagsúlachta a shníomh isteach i dtionscadail pobail, agus béim á chur ar a ról bhunúsach i sláinte éiceachórais agus oiriúnú ar son na haeráide.
- Pobail a threorú i mbainistíocht thionscadail timpeallachta, ag cinntiú go ndéantar dea-phleanáil ar tionscnaimh, go rachaidh siad i bhfeidhm, agus go mbeidh siad ag teacht le spriocanna inbhuanaitheachta.
- Teacht aniar na haeráide a neartú tríd an chumas áitiúil deileáil le hathruithe timpeallachta a chothú leis an leochaileacht a bhaineann le baoil aeráide a laghdú
- Feidhmigh mar idirchaidreamh idir údaráis áitiúla agus eagraíochtaí pobail lena cinntiú go bhfuiltear ag teacht le straitéisí náisiúnta aeráide agus bithéagsúlachta.

**Spriocdáta d'iarrataisí: - Dé Céadaoine 29ú Meán Fómhair ar a 4.00 i.n**

**Tuarastal: -** ag bráth ar chailíochtaí agus ar thaithí

**Tuilleadh Eolais: -** cillulta@gmail.com